# Eagarthóir Meán Sóisialta

**Conradh Buan**

Cuirfidh TG4 fáilte roimh iarratais don phost Eagarthóir Meán Sóisialta ar bhonn buan.

Beidh an té a cheapfar ar dhuine d'Fhoireann Chumarsáide TG4 agus iad freagrach as comhordú agus bainistiú a dhéanamh ar ardáin Meán Sóisialta TG4.

Is deis tábhacht iad na Meáin Shóisialta do TG4 chun nascadh a dhéanamh leis an bpobal féachana agus le pobal nua a mhealladh chuig ábhar TG4. Cuirfear fáilte roimh iarrthóirí a bhfuil tuiscint acu ar TG4, sainscil agus taithí acu ar na hardáin Shóisialta, agus Gaeilge & Béarla den scoth acu (labhartha & scríofa).

Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó ar duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

**An Ról**
Beidh an té a cheapfar freagrach as eagarthóireacht a dhéanamh ar Mheáin Shóisialta TG4 lena n-áirítear Instagram, TikTok, BlueSky, Facebook, LinkedIn, YouTube agus aon ardán eile de réir riachtanais TG4. I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, beidh

- Glór TG4 ar na meáin shóisialta a fhorbairt ag luí le Branda TG4.
- Foilsiú: Bainistiú agus riaradh a dhéanamh ar fhéilire Meáin shóisialta TG4.
- Optamú: taithí ar ábhar sóisialta a optamú chun an lucht féachana is mó a aimsiú.
- Feachtais mhargaíochta do na meáin shóisialta a fhorbairt agus a sceidealú.
- Cóip-scríobhnóireacht: sár scileanna scríofa Gaeilge agus Béarla.
- Cumarsáid, comhrá, agus aiseolas a thabhairt don phobal.
- Tuairisciú: Anailís a dhéanamh ar fheachtais agus tuairiscí a ullmhú.
- Bainistiú ar fheachtais íoctha ar na meáin shóisialta.
- Ceannaireacht a thógáil ar riaradh na n-árdán sóisialta.
- Tuiscint ar na hathruithe a thagann ar na hardáin shóisialta agus na hathruithe sin a chur i bhfeidhm ar ardáin TG4.

**Nithe atá riachtanach don phost seo:**

- A bheith tiomanta Fís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.
- Sárthuiscint ar TG4 agus a lucht féachana.
- Taithí phraticiúil i margaíocht dhigiteach agus i mbainisitíocht ar na hardáin shóisialta.
- Taithí ar Meta Business Suite / Ads Manager
- Taithí ag cruthú féilirí Meán Sóisialta, ag foilsiú ábhair agus ag optamú aimsiú lucht féachana
- Cruinneas i scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla.
- Cumas cóipscríbhneoireachta atá tarraingteach agus a thagann le glór TG4 ar na hardáin shóisialta.
- Scileanna idirphearsanra agus cumarsáide.
- Tuiscint ar treoirlínte comhlíonta.
- Dearcadh dearfach, solúbtha agus a bheith in ann obair a dhéanamh faoi bhrú.
- Scileanna eagrúcháin agus pleanála agus in ann treoir a thabhairt.
- Taithí ag obair tras rannóige agus le páirtithe seachtaracha.
- Solúbtha maidir le amanta oibre – ó am go chéile bíonn obair deireadh seachtaine nó obair las muigh de ghnáth uaireanta oibre.
- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.

**Is é 4pm Déardaoin 23ú Deireadh Fómhair 2025 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Seol d'iarratas mar aon le litir iarratais chuig cv@tg4.ie.**

Eolas Breise don Iarratasóir

**Grád an Phoist:**

Grád 4

**Uaireanta Oibre:**

39 uair sa tseachtain. Mar gheall ar riachtanais an phoist agus an earnáil teilifíse, táthar ag súil go mbeifeá solúbtha ó am go ham, lena n-áirítear a bheith sásta oibriú, nuair atá gá leis, lasmuigh d'uaireanta oifige, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

**Laethanta Saoire:**

Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**

Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:**

Tá seans go mbeidh taisteal in Éirinn i gceist ó am go chéile mar chuid den ról.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha<br>• Saoire Staidéir agus Scrúduithe | • Táillí Ballraíochta Gairmiúla<br>• Pinsean Ranníocach<br>• An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe<br>• An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre |